



Aonad 8 – Ceacht 5



Iasachtaí Carr Emma



Tá Emma 20 bliain d'aois agus tá sí ag obair in oifig. Oibríonn sí an-dian agus tá €3,000 curtha i dtaisce aici le carr a cheannach. Mí Bealtaine atá ann anois agus tá sí ag iarraidh an carr a cheannach roimh mhí Mheán Fómhair, mar go mbeidh sí ag taisteal mar chuid den obair ansin. An cinneadh atá le déanamh anois aici ná an ceart di an carr a cheannach láithreach ionas go mbeidh sí in ann taitneamh a bhaint as sa samhradh, nó fanacht go dtí Meán Fómhair faoin am go mbeidh tuilleadh airgid sábháilte aici. Bhreathnaigh sí ar dhá charr cheana, ach tá sí idir dhá chomhairle fúthu.

Tá cúpla rogha ag Emma – féach an mbeifeá sásta cabhrú léi cinneadh a dhéanamh...

- Carr A: Costas €2,300. Tá sé níos sine, rud a chiallaíonn go mbeidh árachas agus cáin beagán níos daoire le híoc. Seans go mbeidh obair le déanamh air freisin.
- Carr B: Costas €5,000. Beidh ar Emma timpeall €2500 a fháil ar iasacht don charr seo - árachas agus cáin san áireamh. Dar léi go mbeidh sí in ann an iasacht a íoc ar ais le haisíocaíochtaí míosúla €85 thar thréimhse trí bliana.

An ceart d'Emma carr a cheannach anois nó fanacht go dtí Meán Fómhair? Cén fáth?

Cén carr is ceart d'Emma a cheannach? Cén fáth?

